Brexit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuairimí daoine faoin reifreann *Brexit*. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. ábhar díospóireachta	a. *message*
2. comhdháil	b. *working rights*
3. teachtaireacht	c. *progress*
4. tionchar	d. *about to*
5. impleachtaí tromchúiseacha	e. *discussion subject*
6. cearta oibre	f. *serious implications*
7. Comhaontú Aoine an Chéasta	g. *lack of a relationship*
8. easpa caidrimh	h. *in danger*
9. go loitfeadh	i. *The Good Friday Agreement*
10. i mbaol	j. *influence*
11. dul chun cinn	k. *conference*
12. ar tí	l. *would damage*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc arís agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

1. D'eagraigh an eagraíocht Gluaiseacht Eorpach na hÉireann an chomhdháil a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh.

2. Tá an chéad chainteoir (an bhean) i bhfabhar *Brexit*.

3. Beidh gach tír san Aontas Eorpach ag iarraidh reifreann ar nós *Brexit* a bheith acu, de réir an dara cainteoir (an fear).

4. Deir Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott, go mbeadh an caidreamh tráchtála idir Éirinn agus an Bhreatain níos láidre dá bhfágfadh an Bhreatain an tAontas Eorpach.

5. Ba mhaith le Gluaiseacht Eorpach na hÉireann go gcuirfeadh muintir na hÉireann brú ar a gcairde agus a ngaolta sa Bhreatain vótáil in éadan an reifrinn *Brexit*.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Cheist 1** thuas chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre**.**

Ceist 4 '...**beidh** a lán polaiteoirí...'

1. Féach ar na briathra mírialta thíos atá san aimsir fháistineach agus líon na bearnaí.

abair	An ndéarfaidh tú...?	Déarfaidh./Ní déarfaidh.
beir	An _____ tú...?	Béarfaidh./Ní bhéarfaidh.
clois	An gcloisfidh tú...?	_____./Ní chloisfidh.
déan	An ndéanfaidh tú...?	Déanfaidh./Ní _____.
faigh	An bhfaighidh tú...?	Gheobhaidh./Ní _____.
feic	An _____ tú...?	Feicfidh./Ní fheicfidh.
ith	An íosfaidh tú...?	_____./Ní íosfaidh.
tabhair	An dtabharfaidh tú...?	_____./Ní thabharfaidh.
tar	An dtiocfaidh tú...?	Tiocfaidh./Ní _____.
téigh	An _____ tú...?	Rachaidh./Ní rachaidh.
bí	An mbeidh tú...?	Beidh./Ní _____.

2. Féach ar dheirí na mbriathra rialta anois sa chéad agus sa dara réimniú:

An Chéad Réimniú	An Dara Réimniú
Cuir cuirfidh mé cuirfidh tú cuirfidh sé cuirfidh sí cuirfimid cuirfidh sibh cuirfidh siad	**Léirigh** léireoidh mé léireoidh tú léireoidh sé léireoidh sí léireoimid léireoidh sibh léireoidh siad
Dún dúnfaidh mé dúnfaidh tú dúnfaidh sé dúnfaidh sí dúnfaimid dúnfaidh sibh dúnfaidh siad	**Ceannaigh** ceannóidh mé ceannóidh tú ceannóidh sé ceannóidh sí ceannóimid ceannóidh sibh ceannóidh siad

3. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige don deireadh seachtaine.

Ceist 5 Éire

Cuir an trí leagan d'ainm na tíre in abairtí le léiriú cathain a úsáidtear na foirmeacha éagsúla.

- Éire
- Éirinn
- Éireann

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An gceapann tú féin go mbeadh drochthionchar ag imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach (AE) ar an tír seo?

2. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hÉirinn a bheith san Aontas Eorpach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
e	k	a	j	f	b	i	g	l	h	c	d

Ceist 2
1. Fíor.
2. Bréagach. Creideann sí go gcuirfeadh imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach isteach ar gach duine sa tír ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, ó thaobh cearta oibre de agus ó thaobh Chomhaontú Aoine an Chéasta de.
3. Fíor.
4. Bréagach. Creideann sé go mbeadh an caidreamh tráchtála idir an dá thír i mbaol.
5. Fíor.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

2.	**abair**	An ndéarfaidh tú...?	Déarfaidh. / Ní déarfaidh.
	beir	An <u>mbéarfaidh</u> tú...?	Béarfaidh. / Ní bhéarfaidh.
	clois	An gcloisfidh tú...?	<u>Cloisfidh</u>. / Ní chloisfidh.
	déan	An ndéanfaidh tú...?	Déanfaidh. / Ní dhéanfaidh.
	faigh	An bhfaighidh tú...?	Gheobhaidh. / Ní <u>bhfaighidh</u>.
	feic	An <u>bhfeicfidh</u> tú...?	Feicfidh. / Ní fheicfidh.
	ith	An íosfaidh tú...?	<u>Íosfaidh</u>. / Ní íosfaidh.
	tabhair	An dtabharfaidh tú...?	<u>Tabharfaidh</u>. / Ní thabharfaidh.
	tar	An dtiocfaidh tú...?	Tiocfaidh. / Ní <u>thiocfaidh</u>.
	téigh	An <u>rachaidh</u> tú...?	Rachaidh. / Ní rachaidh.
	bí	An mbeidh tú...?	Beidh. / Ní <u>bheidh</u>.

3. Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo agus ansin an cheist a chur ar chúpla duine sa rang.

Ceist 5
<u>Éire (an tuiseal ainmneach)</u>
Is tír álainn í Éire agus is breá liom bheith i mo chónaí inti.

<u>Éirinn (an tuiseal tabharthach)</u>
Tá mé i mo chónaí in Éirinn. / Beidh mo chara ag teacht go hÉirinn an bhliain seo chugainn.

<u>Éireann (an tuiseal ginideach)</u>
Ní fheictear mórán de mhuintir na hÉireann ag taisteal ar Bhus Éireann na laethanta seo.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Reifreann *Brexit* na Breataine an t-ábhar díospóireachta a bhí ag comhdháil i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh inniu. Bhí Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott, i measc na n-aíonnaí[1] a bhí i láthair agus bhí teachtaireacht aige do mhuintir na hÉireann maidir leis an reifreann.

Grett O'Connor
Gluaiseacht Eorpach na hÉireann a reáchtáil comhdháil an lae inniu, mar chuid dá feachtas chun aird a tharraingt ar an dtionchar[2] a bheidh ag reifreann na Breataine, imeacht nó fanacht san Aontas Eorpach. Bhí cainteoirí den dtuairim[2] go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha i gceist don dtír[2] seo.

Cainteoir 1
Tá cúrsaí eacnamaíochta ann, tá cúrsaí cearta oibre ann agus tá cúrsaí gan dabht do[3] Chomhaontú Aoine an Chéasta. Agus ceann de na lárphointí díobhsan a mbeidh mé ag cur in iúl inniu is dócha ná an easpa treorach[4] agus an easpa caidrimh atá idir an rialtas anseo maidir leis an scéal ar fad. Táimidne chun a bheith curtha isteach mar gheall air seo pé slí a[5] dtarlaíonn sé.

Cainteoir 2
Is é an pointe atá á dhéanamh againn ná go loitfeadh Brexit an tAontas[6] i gcoitinne. Cuirfidh sé isteach go mór ar an Aontas féin mar beidh a lán polaiteoirí agus a lán páirtithe trasna na hEorpa ag féachaint ar cad a tharla sa Bhreatain agus beidh siad ag rá gur cheart an reifreann a bheith acu féin.

Grett O'Connor
Dúirt Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott, go mbeadh an caidreamh láidir tráchtála idir an tír seo agus an Bhreatain i mbaol go mór dá bhfágfadh an Bhreatain an tAontas Eorpach. Leis an dul chun cinn ollmhór a bhí déanta sa chaidreamh polaitiúil idir an dá thír, dúirt sé go mba thrua go mór é dá mbeadh bearna nua eatarthu arís anois. Tá Gluaiseacht Eorpach na hÉireann ag iarraidh orainne sa tír seo a bheith gníomhach sa bhfeachtas[7] reifrinn atá díreach ar tí tosnú[8] sa Bhreatain. Ba mhaith leo go rachaimis i dteangmháil[9] lenár ngaolta agus lenár gcairde thall, ag iarraidh orthu clárú chun vóta a chaitheamh agus ansin an vóta sin a úsáid chun ár gcomharsa mhór a choimeád san Aontas Eorpach inár dteannta.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *i measc na n-aíonna* an leagan caighdeánach
[2] Córas na Mumhan
[3] *don* a deirtear
[4] *easpa treoir* a deirtear
[5] *go dtarlaíonn* a deirtear
[6] *an Aontas* a deirtear
[7] Foirm sa tuiseal tabharthach a bhaineann le canúintí áirithe i gCúige Mumhan
[8] *tosú* an leagan caighdeánach
[9] *i dteagmháil* an leagan caighdeánach